

PDST

Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

pdst.ie

Seimineáir Ghréasáin agus Seisiúin Thacaíochta do Mhúinteoirí Gaeilge Iar-bhunscoile - Mí Mheán Fómhair agus Mí Dheireadh Fómhair

Reachtálfaidh Foireann na Gaeilge PDST dhá sheimineár gréasáin ar líne do mhúinteoirí Gaeilge Iar-bhunscoile i rith Mhí Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2021. Reachtálfar seisiúin thacaíochta ar líne i ndiaidh na seimineár gréasáin le deis a thabhairt do mhúinteoirí Gaeilge teacht le chéile, plé a dhéanamh agus dea-chleachtas a roinnt ar a chéile.

Is féidir clárú do na seimineáir ghréasáin agus seisiúin thacaíochta seo ar **www.pdst.ie/onlinebooking**

Seimineár Gréasáin: An Bhéaltriail agus Scileanna Cumarsáide

Dáta: 15 Meán Fómhair 2021 **Am: 7.30in**

Sa seimineár gréasáin seo:

- déanfar forbhreathnú ar scileanna cumarsáide agus ar an mbéaltriail
- díreofar ar scileanna inaistrithe na béaltrialach
- roinnfear samplaí de bhealaí praiticiúla le scileanna cumarsáide a fhorbairt sa rang Gaeilge
- breathnófar ar bhealaí chun measúnú a dhéanamh ar an gcumarsáid

Seisiúin Thacaíochta

Bunaithe ar an seimineár gréasáin "An Bhéaltriail agus Scileanna Cumarsáide" tabharfar deis do mhúinteoirí teacht le chéile faoi stiúir chomhairleora, chun ábhar an tseimineáir ghréasáin a phlé, dea-chleachtas a chomhroinnt ar a chéile agus comhrá a dhéanamh faoi na bealaí is éifeachtaí le scileanna cumarsáide na scoláirí a fhorbairt sa rang Ard agus Gnáthleibhéal, Bonnleibhéal agus an Ardteist Fheidhmeach.

An Bhéaltriail - Ard agus Gnáthleibhéal	Dáta: 27 Meán Fómhair	Am: 7.30 in.
An Bhéaltriail - Bonnleibhéal	Dáta: 28 Meán Fómhair	Am: 7.30 in.
An Bhéaltriail - An Ardteist Fheidhmeach	Dáta: 29 Meán Fómhair	Am: 7.30 in.

Seimineár Gréasáin: An Ghaeilge Chumarsáideach An Ardteist Fheidhmeach (LCA)

Dáta: 6 Deireadh Fómhair 2021 **Am: 7.30in**

Sa seimineár gréasáin seo, díreofar ar:

- struchtúr an chúrsa agus an réasúnaíocht taobh thiar de
- an bpleanáil agus straitéisí oiriúnacha chun scileanna teanga na scoláirí a fhorbairt don oideachas agus don saol
- na féidearthachtaí traschuraclaim idir an Ghaeilge Chumarsáideach agus réimse eile foghlama

Beidh teorann ar líon na ndaoine a bheidh in ann freastal ar na seisiúin thacaíochta. Mairfidh na seisiúin ar fad thart ar uair an chloig. Beidh béim ar dhea-chleachtas a roinnt. Táimid ag tnúth go mór leis an gcomhrá.

Seol ríomhphost chuig onlinebooking@pdst.ie má tá aon deacracht agat clárú do na seisiúin thacaíochta.